



Coimisiún
na Meán

Dréacht-Ráiteas maidir le nós imeachta agus modheolaíocht le haghaidh an bhreithmheasa 3 bliana ar MSPanna, 2028-2030

Dáta foilsithe:
29 Meán Fómhair 2026



Clár Ábhar

Réamhrá	3
Creat le haghaidh an bhreithmheasa	4
Raon Feidhme	4
Catagóirí maoinithe	4
Tionchar an ioncaim tráchtála	6
Ionchais MSPanna	6
Breac-chuntas ar an modheolaíocht agus ar na freagrachtaí	8
Obair réamh-bhreithmheasa	10
Uainiú	10
Ceanglas Reachtúil	10
Cur síos	10
Céim phlé réamhiarratais	11
Uainiú	11
Ceanglas Reachtúil	11
Cur síos	11
Aighneacht ó na MSPanna	13
Uainiú	13
Ceanglas Reachtúil	13
Cur síos	13
Breithmheas agus tuarascáil ón gCoimisiún	18
Uainiú	18
Ceanglas Reachtúil	18
Cur síos	19
Aguisín 1: Treoirínte maidir le Gealltanais Feidhmíochta	24
Aguisín 2: Luach reatha an ríomha maoinithe todhchaí	27
Aguisín 3: Ríomh léiritheach mhaoiniú BAU	28
Aguisín 4: Seicliosta aighneachta	29
Maidir le BAU	29
<i>Má tá iarratas á dhéanamh ar mhaoiniú aonuaire</i>	29
<i>Má tá iarratas á dhéanamh ar mhaoiniú méadaithe</i>	29

Réamhrá

Leis an doiciméad seo leagtar amach na nósanna imeachta agus an mhodheolaíocht atá le húsáid sa bhreithmheas 3 bliana ar Sholáthraithe Meán Seirbhíse Poiblí (“MSPanna” – TG4 agus RTÉ) don tréimhse 2028-2030. Tá Coimisiún na Meán (“an Coimisiún”) chun an mhodheolaíocht a athnuachan le haghaidh gach breithmheasa 3 bliana, agus cé go bhféadfaidh an cur chuige a leagtar amach anseo a bheith ina phointe tosaigh don chéad bhreithmheas eile, tá an méid sin le cinneadh ag an tráth.

Leis an doiciméad, déantar cur síos ar mhionsonra na gcéimeanna riachtanacha a shonraítear ag ardleibhéal san Acht Craolacháin arna leasú (“an tAcht”), agus ar ghníomhaíochtaí breise áirithe freisin a dearadh chun an próiseas a leagtar amach i reacht a fheabhsú.

Is é is cuspóir don phróiseas tacú le cinntí faoi mhaoiniú agus gealltanais feidhmíochta (“GFanna”) do na MSPanna. Le haghaidh meáin seirbhíse poiblí, bíonn gá le breithiúnas suntasach chun measúnú a dhéanamh ar an luach a sholáthraítear, ar luach ar airgead, ar éifeachtúlacht agus ar mhaoiniú iomchuí. Dá réir sin, tá sé i gceist leis an bpróiseas seo faisnéis agus anailís ábhartha a sholáthar don Choimisiún agus do chinnteoirí eile chun eolas a dhéanamh do na breithiúnais sin ar an mbealach is fearr.

Is iad na MSPanna féin is fearr chun measúnú a dhéanamh ar conas a d’fhéadfaidís luach poiblí a sholáthar go héifeachtúil. Mar chaomhnóirí maithe ar chistí poiblí, ba cheart cinntí meáite a bheith á ndéanamh acu faoi conas is fearr is féidir na cistí atá ann cheana a úsáid. Thairis sin, ba cheart dóibh a bheith deimhin den luach ar airgead a bhaineann le cistí breise roimh iarraidh ar mhaoiniú den sórt sin a dhéanamh. Dearadh an nós imeachta chun cur leis an anailís inmheánach sin atá ann cheana.

Leis an bpróiseas sin, glactar leis freisin gur cheart go mbeadh na MSPanna oiriúnach chun na gealltanais feidhmíochta a shonrú, arb iad na gealltanais feidhmíochta is fearr a chuireann in iúl an luach poiblí a sholáthraíonn siad. Dá réir sin, más dócha go soláthrófar luach breise comhchuíseach le maoiniú incriminteach, ba cheart an méid sin a bheith follasach sna gealltanais feidhmíochta. I ndáiríre, leis an bpróiseas sin úsáidtear gealltanais feidhmíochta fheabhsaithe mar an ‘chomaoín’ is féidir le MSPanna a ‘thairiscint’ le haghaidh maoiniú méadaithe.

Creat le haghaidh an bhreithmheasa

Ar ardleibhéal, tá an breithmheas beartaithe chun tacú le moladh maoinithe ón gCoimisiún chuig an Aire, agus tacar comhoiriúnaithe de ghealltanais feidhmíochta a chinneadh.

Raon Feidhme

Tá an breithmheas 3 bliana ina ghné thábhachtach de chinntí maoinithe agus gealltanais feidhmíochta do na MSPanna, ach ní hé an t-aon dóigh amháin a ndéantar cinntí. Mar shampla:

- D'fhéadfadh ceadú seirbhíse nua faoi §103 den Acht Craolacháin a bheith ábhartha do mhaoiniú agus gealltanais feidhmíochta araon (agus is minic a tharlaíonn sin idir breithmheasanna 3 bliana)
- D'fhéadfadh gníomhaireachtaí eile tabhairt faoi athbhreithnithe atá ábhartha maidir le cinntí maoinithe (mar shampla, mar chuid de ról comhairleach NewERA d'Airí maidir le hábhair airgeadais agus tráchtála) agus d'fhéadfaí sin a bheith lasmuigh den bhreithmheas 3 bliana freisin
- D'fhéadfadh beartais rialtais a bheith ann, maidir le maoiniú MSP, a bheidh lasmuigh (agus lastuas) de phróiseas breithmheasa 3 bliana an Choimisiúin

Dá bhrí sin, leis an gcreat seo, ní fhéachtar leis an maoiniú ná leis na teagmhais gealltanais feidhmíochta uile a chumhdach, ná le teacht in ionad na bhfachtóirí 'seachtracha' eile sin. Ina ionad sin, tá sé dírithe ar chinntí 'sa ghnáthchúrsa', le linn machnamh a dhéanamh ar fhachtóirí seachtracha nuair is ann dóibh.

Ina theannta sin, mar ábhar praiticiúil, tá am teoranta ar fáil do mheasúnú foirmiúil an Choimisiúin laistigh den phróiseas reachtúil (2 mhí ó aighneachtaí MSPanna go gcuirfear tuarascáil faoi bhráid an Aire), rud a fhágann nach bhfuil athbhreithniú mionsonraithe ar na saincheistanna ábhartha uile indéanta.

Catagóirí maoinithe

Tá an creat bunaithe ar thrí chatagóir de mhaoiniú – 'gnó mar is gnách' agus dhá chatagóir de mhaoiniú breise, 'maoiniú aonuaire' agus 'maoiniú méadaithe'. Tá dualgas cruthúnais méadaitheach ag baint leis na catagóirí sin do na MSPanna, agus maoiniú méadaithe faoi réir an mhéid is mó grinnscrúdaithe.

Maoiniú 'gnó mar is gnách'

Is éard atá i gceist le maoiniú 'gnó mar is gnách' ("BAU") an maoiniú is gá chun leanúint de leibhéal seirbhísí a sholáthar atá coibhéiseach leis an leibhéal a soláthraíodh roimh an mbreithmheas 3 bliana atá i gceist.

Taobh amuigh d'imthosca eisceachtúla, leagfar síos ann an t-íosleibhéal maoinithe a mholfadh an Coimisiún. Soláthraítear 2 choimirce thábhachtacha leis sin. Ar dtús, ba cheart a chinntiú leis gur féidir leis na MSPanna leanúint dá gcuspóirí a chomhlíonadh, má sholáthraíonn sé maoiniú atá coibhéiseach le blianta roimhe sin inar comhlíonadh nó inar sáraíodh na cuspóirí sin. Ar an dara dul síos, ba cheart cosaint shuntasach a sholáthar leis le haghaidh neamhspleáchas feidhmiúil agus

eagarthóireachta.¹ Tá an mhodheolaíocht do mhaoiniú BAU go huile is go hiomlán neamhspleách ar aon roghanna eagarthóireachta - a bhí ann roimhe sin nó a bheidh ann amach anseo - a dhéanann MSPanna, agus, dá bhrí sin, ní féidir léi a bheith ina léiriú ar phionós ná ina luach saothair do na roghanna sin.

Ann féin, ní féidir a mheas gur bagairt ar neamhspleáchas eagarthóireachta atá i gceist le méadú nó laghdú ar mhaoiniú nó easpa méadaithe. Déanann rialtais agus rialtóirí na cinntí sin go minic ar fud na hEorpa gan ábhair imní neamhspleáchais a ardú. Ina ionad sin, d'fhéadfadh an *bhunchúis* leis an gcinneadh ábhair imní a spreagadh.

Tá an creat sin de chineál ardleibhéil ina mheasúnú ar mhaoiniú BAU. Tá coinne ag an gCoimisiún leis go ndéanfar leanúint de mhaoiniú do na tairiscintí sin a áireamh mar bhonnline do na tairiscintí sin, agus foráil á déanamh maidir le boilsciú ach agus coinne ann go ndéanfar feabhsuithe éifeachtúlachta leanúnacha. Sloinntear sin mar HICP-X, ina léirítear le HICP an boilsciú ionchasaíthe do na chéad 3 bliana eile, agus ina léirítear toimhde éifeachtúlachta le X.

Don bhreithmheas seo:

- Ar bhonn réamhaisnéisí ón Roinn Airgeadais, tá HICP socraithe ag 1.7, 1.8 agus 2.0% do 2028, 2029 agus 2030 faoi seach²
- Tá X socraithe ag 2%.

Ní fhágann an cur chuige sin nár cheart maoiniú MSP a laghdú go brách – ina ionad sin, dhéanfaí sin (cuir i gcás) mar iarmhairt ar athbhreithniú ar leithligh ar an éifeachtúlacht atá ann cheana, nó mar ábhar beartais rialtais. Mar a luadh thuas, bheidís sin lasmuigh den bhreithmheas.

Sa phróiseas breithmheasa, ceanglaítear ar MSPanna a réamhaisnéisí airgeadais agus an tacar de ghealltanais feidhmíochta a mholann siad a thairiscint, agus sin mura mbeidís ag leanúint ar aghaidh ach le maoiniú gnó mar is gnách.

Maoiniú breise laistigh den phróiseas breithmheasa

Lastuas de mhaoiniú gnó mar is gnách, féadfaidh MSPanna iarratas a dhéanamh ar 'maoiniú aonuaire' agus 'maoiniú méadaithe' sa bhreithmheas.

Is éard atá i gceist le maoiniú aonuaire maoiniú faoi theorainn ama chun críche ar leith, amhail tionscadal caipitil suntasach, deisiú cláir chomhardaithe agus nithe den sórt sin. Leis an gcuspóir, níor cheart aon ghaibhniú ná éifeachtaí dearlaice a chruthú a d'fhágfadh go dtiocfadh sé chun bheith ina ghealltanas leanúnach *de facto*.

Tacaíonn maoiniú méadaithe le feabhsú ábhartha agus leanúnach ar na tairiscintí seirbhíse atá ann cheana, i gcás nach bhfuil sé praiticiúil go maoineodh MSP an feabhsú sin trí acmhainní a atreorú ó

Tá HICP ina thomhas caighdeánaithe Eorpach ar bhoilsciú. Baineann sé go dlúth le CPI, ach tá costais mhorgáiste eisithe uaidh agus, dá réir sin, tá sé ina thomhas níos fearr ar chostais ionchuir do chraoltóirí.

Úsáidtear HICP mar an cúltaca le haghaidh rialuithe airgeadais ar uisce, leictreachas agus gás in Éirinn.

¹ Tá tagairtí do neamhspleáchas feidhmiúil agus eagarthóireachta sa doiciméad seo le léamh i gcomhthéacs an Achta agus an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán

² An Roinn Airgeadais, [An Tuarascáil Bhliantúil ar an Dul Chun Cinn](#), Aibreán 2026 (doiciméad i mBéarla amháin)

ghníomhaíochtaí eile. D'fhéadfadh sé (ar dtús) go n-úsáidfi maoiniú méadaithe le haghaidh uaireanta méadaithe de dhrámaíocht Gaeilge, mar shampla.

In aon bhreithmheas 3 bliana, d'fhéadfadh MSP a roghnú cé acu ba mhian nó nár mhian leis maoiniú aonuaire agus/nó méadaithe a lorg. Dá mba mhian leis sin, soláthróidh sé réamhaisnéisí airgeadais agus gealltanais feidhmíochta araon lena léirítear tionchar an mhaoinithe bhreise sin.

Den chuid is mó, beidh an t-ardú ar ghealltanais feidhmíochta a bhaineann leis an maoiniú breise mar chuid den bhonn le haghaidh bhreithiúnas an Choimisiúin i dtaobh cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear luach poiblí comhchuimseach leis an maoiniú breise sin trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais an lucht féachana, agus dá réir sin, cé acu ba cheart nó nár cheart dó a bheith mar chuid de mholadh maoinithe an Choimisiúin chuig an Aire.

Maoiniú leathnúcháin

Is amhlaidh nach n-áirítear 'maoiniú leathnúcháin' sa mheasúnú seo. Is é is cuspóir don mhaoiniú seo tacú le hathrú ar raon feidhme gníomhaíochtaí MSP, agus a phróiseas ceadaíthe ar leithligh féin aige. Ar na samplaí tá Cúla4 (a ceadaíodh trí alt 103 den Acht Craolacháin) agus Nuacht TG4 (moladh ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán, agus glacadh ag an rialtas leis). Mar a pléadh thuas, ní hé is cuspóir don bhreithmheas 3 bliana teacht in ionad na bpróiseas seachtrach sin. Mar sin féin, is gá na cinntí seachtracha sin a chur san áireamh sa chreat seo arís, agus chuige sin, moltar go mbeadh baint shainráite ag aon mhaoiniú den sórt sin le feabhsuithe i ngealltanais feidhmíochta, a thiocfadh chun bheith mar chuid den 'bhonnlíne' gealltanais feidhmíochta do bhreithmheasanna bliantúla agus 3 bliana ina dhiaidh sin.

Tionchar an ioncaim tráchtála

Tuilleann an dá MSP ioncam tráchtála, agus tá tábhacht ar leith leis sin do RTÉ. Cé gurb amhlaidh le foirmle HICP-X a leagtar amach an maoiniú *iomlán* don ghnó mar is gnách, tá an maoiniú poiblí a cheanglaítear cothrom leis sin lúide ioncam tráchtála. Mar sin féin, má thagann laghdú coibhéiseach ar ioncam poiblí as méaduithe ar ioncam tráchtála, níl aon dreasacht ann do MSPanna chun cur leis an ioncam sin.

Dá bhrí sin, is é an cur chuige sa mhodheolaíocht seo maoiniú poiblí molta a ríomh ar bhonn ioncam tráchtála a bheith socraithe i dtéarmaí ainmniúla.³ Tá d'éifeacht leis sin a cheadú do na MSPanna na tairbhí a bhaineann le haon fhás ioncaim tráchtála le linn na tréimhse trí bliana a choimeád, agus dreasacht á cruthú don fhás sin.

Sna tréimhsí trí bliana ina dhiaidh sin, dá mbeadh fás ioncaim tráchtála ann sa tréimhse trí bliana thosaigh sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí laghdú atá cothrom le méid an fháis sin ar mhaoiniú poiblí. Ciallaíonn sin go gcoinneodh MSPanna tairbhe áirithe den fhás ar feadh sé bliana ar a mhéid, ach go bhfabhródh an tairbhe ar an gcáiníocóir ina dhiaidh sin.

Ionchais MSPanna

Cé gurb amhlaidh leis an gcreat seo a éilítear réamhaisnéisí airgeadais gnó mar is gnách agus gealltanais feidhmíochta móide (má tá maoiniú breise á lorg) réamhaisnéisí coibhéiseacha agus

³ Dála an 'X' le haghaidh coigilteas éifeachtúlachta, is toimhde é sin ar a bhféadfadh athrú teacht le haghaidh athbhreithnithe amach anseo

gealltanais feidhmíochta lena léirítear an chuid bhreise sin, níl coinne leis go gcruthófar ualach rialála breise ábhartha ar an gcaoi sin.

Tá feidhm ag an gCód Caiteachais Phoiblí maidir le gnéithe áirithe de chaiteachas MSP, go háirithe caiteachas breise nua.⁴ Leagtar amach ann ceanglais maidir le breithmheasanna roimh ghealltanais a thabhairt maidir leis an gcaiteachas sin. I gcás inar lorg MSPanna maoiniú breise, den chuid is mó ba é ba chúis leis sin méadú leanúnach ar bhuiséid. Tá luach reatha suntasach ar na méaduithe ‘sioraí’ sin. Agus úsáid á baint as ‘ráta lascaine tástála’ 4% reatha DPER, tá luach iomlán reatha €25m ar mhéadú €1m ar mhaoiniú bliantúil.⁵ Leis an gCód Caiteachais Phoiblí ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí tabhairt faoi Anailís Costais agus Tairbhe (CBA) nó Anailís ar Chost-éifeachtúlacht (CEA) le haghaidh gealltanais chaiteachais os cionn €20m.


Beidh a measúnuithe inmheánacha féin déanta ag MSPanna ar fhiúntais maoinithe breise, a mhéid is féidir i gcomhréir leis na cuir chuige a leagtar amach sa Chód. Dá réir sin, maidir leis an gceanglas breithmheasa 3 bliana gur cheart réamhaisnéisí ar a costais agus ar a tairbhí a bheith ag baint le hiarraidh ar mhaoiniú breise (agus na costais agus na tairbhí sin curtha in iúl go páirteach trí ghealltanais feidhmíochta), níl cheart é a bheith ina léiriú ar ualach rialála breise, ach ina ionad sin, ba cheart é a bheith ina léiriú ar chomhroinnt anailíse faoinar tugadh chun a dheimhniú do bhoird na MSPanna féin go soláthraítear luach poiblí breise comhchuí seach tríd an gcaiteachas breise.

⁴ Maidir leis an gcaiteachas reatha, féach DPER, [Public Spending Code – A Guide to Evaluating, Planning and Managing Current Expenditure](#) [An Cód Caiteachais Phoiblí – Treoir maidir leis an gCaiteachas Reatha a Mheas, a Phleanáil agus a Bhainistiú], Iúil 2012 (doiciméad i mBéarla amháin)

⁵ Sampla simplithe atá ann, lena bhfágтар príomhchoigeartuithe áirithe ar lár. Le haghaidh plé níos mionsonraithe, féach Aguisín 2

Breac-chuntas ar an modheolaíocht agus ar na freagrachtaí

Leis an gcairt thíos, déantar achoimre ar an modheolaíocht a leagtar amach sa doiciméad seo. Is éard atá i gceist leis an modheolaíocht meascán de chéimeanna a shainordáítear le reacht, agus céimeanna neamhfhoirmiúla a dearadh chun tacú leis an bpróiseas reachtúil. Tarraingítear léi freisin ar obair a rinne an Coimisiún agus na MSPanna roimh an modheolaíocht seo a fhoilsiú.



Seo a leanas na príomhfhreagrachtaí a bhaineann leis an bpróiseas seo:

MSPanna	Straitéis a chinneadh chun na cuspóirí agus riachtanais an lucht féachana a chomhlíonadh Cinntí eagarthóireachta Pleanáil airgeadais Gealltanais feidhmíochta a fhorbairt chun luach MSP a chur in iúl Athbhreithniú tosaigh ar luach incriminteach ó mhaoiniú aonuaire agus méadaithe Éifeachtúlacht oibríochtaí a chinntiú [Taighde agus tuiscint leanúnach an lucht féachana]
An Coimisiún	Measúnú ar bhraistintí agus riachtanais an lucht féachana Breithiúnas agus moladh maidir le maoiniú aonuaire agus méadaithe Gealltanais feidhmíochta a chinneadh chun ailíniú leis na cuspóirí agus le riachtanais an lucht féachana agus rianú príomh-shaincheistanna a chinntiú Éifeachtúlacht agus toimhdí ioncaim tráchtála a shonrú
An tAire	Cinneadh maoinithe i bhfianaise mholadh an Choimisiúin (Go heisceachtúil) treoir mhaoinithe bunaithe ar bheartas an rialtais

Obair réamh-bhreithmheasa

Uainiú

Reáchtálfar obair réamh-bhreithmheasa sna míonna roimh fhoilsiú an *Ráitis deiridh maidir le nós imeachta agus modheolaíocht* i mí Eanáir den bhliain ábhartha.

Ceanglas reachtúil

Níl aon cheann

Cur síos

Ag tarraingt ar an mbreithmheas, beidh na MSPanna agus an Coimisiún araon ag tabhairt faoi obair a bheidh mar thacaí tábhachtacha – cé nach mbeidh sí mar chuid fhoirmiúil den bhreithmheas.

Beidh an méid seo a leanas á dhéanamh ag MSPanna:

- *Beidh a bpleananna straitéiseacha á bhforbairt acu.* Cé go bhfuil na pleananna straitéiseacha cinntitheacha ag brath ar chinntí maoinithe (i measc fachtóirí eile) níos déanaí sa phróiseas, bheadh coinne againn leis go mbeadh pleananna sealadacha ardleibhéil forbartha ag MSPanna dá n-úsáid féin i bhfad ní ba luaithe sa phróiseas, agus go deimhin, roimh a n-aighneachtaí foirmiúla chuig an gCoimisiún. Beidh réamhaisnéisí airgeadais agus gealltanais feidhmíochta bheartaithe araon ag brath ar dhearcadh na MSPanna maidir leis an straitéis.
- Beidh siad *ag tabhairt faoi anailís costais is tairbhe* (ar an leibhéal iomchuí) le haghaidh aon mhaoiniú breise beartaithe, chun a dheimhniú dóibh féin go bhfuil an caiteachas breise ina léiriú ar luach maith ar airgead.

Beidh an méid seo a leanas á dhéanamh ag an gCoimisiún:

- *Beidh measúnú á dhéanamh aige ar fheidhmíocht gach MSP in aghaidh a ghealltanais feidhmíochta roimhe sin.* Tiocfaidh an méid sin chun bheith níos ábhartha ón dara breithmheas ar aghaidh, nuair a bheidh breithniú le déanamh ar réamhthacar de ghealltanais feidhmíochta a ullmhaíodh de réir na modheolaíochta sin. Níl na gealltanais feidhmíochta beartaithe a bheith sriantach, agus is féidir go mbeidh acmhainní atreoraithe ag MSPanna go dlisteanach ó ghealltanais amháin go chéile. Dá réir sin, déanfar measúnú ar fheidhmíocht in aghaidh na ngealltanais feidhmíochta 'sa lántimpeall'. (Mura raibh an maoiniú roimhe sin ag teacht leis an maoiniú ar leagadh síos gealltanais feidhmíochta ina aghaidh, is gá an méid sin a chur san áireamh freisin). Mar sin féin, leis an bhfeidhmíocht fhoriomlán in aghaidh gealltanais feidhmíochta, soláthraítear peirspictíocht maidir le cumas MSPanna chun luach a sholáthar óna maoiniú bonnlíne agus incriminteach araon.
- *Beidh a pheirspictíocht maidir leis an lucht féachana á forbairt aige.* D'fhéadfadh an Coimisiún tarraingt ar fhoinsí éagsúla chun tuiscint a fháil ar thuairimí an lucht féachana maidir leis na MSPanna agus lena soláthar, lena n-áirítear taighde margaidh, méadrachtaí tomhaltais, agus mar sin de, de chuid an Choimisiúin féin.
- *Beidh príomhthoimhdí á sonrú aige, go háirithe an toimhde éifeachtúlachta 'X', an toimhde HICP iomchuí, agus an toimhde le haghaidh ioncam tráchtála amach anseo.*

Céim phlé réamhiarratais

Uainiú

Reáchtálfar plé réamhiarratais sna 3 mhí idir foilsíú an *Ráitis maidir le nós imeachta agus modheolaíocht* agus aighneachtaí na MSPanna (mí Feabhra go mí Aibreáin). D'fhéadfadh gnéithe áirithe a bheith mar chuid den idirphlé leanúnach níos leithne idir an Coimisiún agus na MSPanna

Ceanglas reachtúil

Níl aon cheann

Cur síos

Is é is cuspóir don chéim seo tacú leis na MSPanna an aighneacht is láidre is féidir a chur chun cinn. Tá dhá phríomhghné ag baint leis sin: comhthuiscint a chothú leis an gCoimisiún ar mhianta agus riachtanais dhifriúla an lucht féachana; agus sainaitheint a dhéanamh ar conas is fearr is féidir gealltanais feidhmíochta a úsáid chun soláthar luacha poiblí gach MSP a chur in iúl. Má tá maoiniú breise á lorg ag MSP, is deis atá ann freisin chun an Coimisiún a chur ar an eolas roimh ré faoi thograí tacaíochta.

Riachtanais an lucht féachana

Le neamhspleáchas eagarthóireachta, alt 98 den Acht Craolacháin,⁶ leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA)⁷ agus an gá le línte soiléire freagrachta, áitítear leo uile go mbeadh discríd shuntasach ag na MSPanna (faoi mhaoirseacht a mbord) i dtaobh conas a gcuspóirí a chomhlíonadh. Leis an discríd sin, is cinnte go n-áirítear roghanna maidir le hinneachar clársceidealúcháin⁸. Tá saoirse nach beag ag MSPanna freisin a mhéid a bhaineann lena sceidealú, lena meascán seánra agus mar sin de.

Mar sin féin, ní faoi na MSPanna amháin atá sé measúnú a dhéanamh ar riachtanais an lucht féachana agus, ar bhealach níos ginearálta, ar fheidhmíocht na MSPanna in aghaidh a gcuspóirí. Beidh a thuairimí féin ag an gCoimisiún maidir leis na saincheisteanna sin, agus sa chéim phlé réamhiarratais seo (nó níos luaithe) comhroinnfidh an Coimisiún a pheirspictíocht leis na MSPanna (a forbraíodh sa chéim roimhe sin).⁹

Is faoi na MSPanna atá sé a chinneadh an gcomhlíonann siad riachtanais an lucht féachana a shainaithin an Coimisiún, agus conas a dhéanann siad amhlaidh. Mar sin féin, in iarratas ar mhaoiniú méadaithe chun freastal ar riachtanas an lucht féachana seachas iad sin a shainaithin an Coimisiún, is gá an luach poiblí níos mó a bhfuil coinne ag an MSP leis a léiriú.

⁶ “Faoi réir cheanglais an Achta seo, beidh corparáid neamhspleách de bhun a cuspóirí”

⁷ [Rialachán \(AE\) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024](#)

⁸ Faoi réir bunchaighdeán, amhail iad sin a leagtar amach sa [Chód um Chaighdeán Chlár](#)

⁹ Mír amháin i Moladh Choimisiún um Thodhchaí na Meán 5-4 ba ea “Coimisiún na Meán le tuilleadh taighde lucht féachana a choimisiúnú ar an dearcadh i leith MSP”. FoMC, [Straitéis Cur Chun Feidhme agus Plean Gníomhaithe](#), 18 Eanáir 2023

Gealltanais Feidhmíochta

Tá na gealltanais feidhmíochta ríthábhachtach do rianú feidhmíochta agus do na cinntí maoiniúcháin araon. Cuireann na MSPanna gealltanais feidhmíochta isteach sa chéad chéim eile, agus cinneann an Coimisiún na gealltanais feidhmíochta deiridh ansin. Mar sin féin, leis an gcéim réamhiarratais sin soláthraítear deis do na MSPanna plé a dhéanamh leis an gCoimisiún ar na cineálacha gealltanais feidhmíochta is fearr, de réir dealraimh, a chuirfidh in iúl an luach a bhfuil coinne acu lena sholáthar sa tréimhse 3 bliana atá le teacht.

Cé gur faoin gCoimisiún atá sé ar deireadh na gealltanais feidhmíochta a chinneadh, feabhsaítear leis sin an seans nach mbeidh gá ach le leasuithe measartha beag, más ann, a dhéanamh ar na gealltanais feidhmíochta a chuireann na MSPanna isteach.

Cás le haghaidh maoiniú méadaithe

Má tá maoiniú breise á lorg ag MSP – maoiniú aonuaire nó méadaithe – is féidir an tréimhse sin a úsáid chun an Coimisiún a chur ar an eolas faoi thograí, agus aghaidh á tabhairt ar cheisteanna soiléire roimh an gcéim bhreithmheasa fhoirmiúil ghairid. Dá rogha féin, d'fhéadfadh na MSPanna a dtograí a athbhreithniú ansin i bhfianaise thráchtanna an Choimisiúin roimh an aighneacht fhoirmiúil.

Bailíochtú ríomh HICP-X

Mar a phléitear sa chéad chuid eile, tá MSPanna le réamhaisnéis ar chúrsaí airgeadais agus gealltanais feidhmíochta in aghaidh mhaoiniú BAU a chur san áireamh ina n-aighneacht, bunaithe ar ríomh HICP-X a chuirtear i bhfeidhm maidir lena maoiniú leanúnach ón tréimhse roimhe sin. Trí bhailíochtú luath a dhéanamh ar an ríomh sin, cinnteofar go mbeidh na réamhaisnéisí ar bhonn láidir.

Aighneacht ó na MSPanna

Uainiú

Tá aighneachtaí le bheith istigh laistigh de 3 mhí ón *Ráiteas maidir le nós imeachta agus modheolaíocht* a ghlacadh, thart ar dheireadh mhí Aibreáin

Ceanglas reachtúil

De réir §112C (2) den Acht, leis an aighneacht de chuid na MSPanna leagfar amach:

- tograí na corparáide le haghaidh ghealltanais feidhmíochta agus aschuir bheartaithe na corparáide do na blianta breithmheasa agus na táscairí feidhmíochta agus na méadrachtaí atá le cur i bhfeidhm maidir leo,
- réamh-mheastachán na corparáide ar a costais ionchuir agus ar a struchtúr costais, agus ar a caiteachas reatha agus ar a caiteachas caipitiúil chun na costais sin a chomhlíonadh, do gach ceann de na blianta breithmheasa, agus ar an ngaol atá acu le gealltanais feidhmíochta agus aschuir bheartaithe na corparáide a bheartaítear faoi mhír (a),
- acmhainní na corparáide atá réamh-mheasta ag an gcorparáid do gach ceann de na blianta breithmheasa, seachas an maoiniú faoi alt 123 sna blianta sin, agus
- aon fhaisnéis eile a cheanglaítear leis an ráiteas maidir le nós imeachta nó modheolaíocht nó a cheanglaíonn an Coimisiún le fógra i scríbhinn chuig an gcorparáid.

Cur síos

Maoiniú BAU

Chun tacú le maoiniú BAU (agus le hanailís ar thairbhí incriminteacha aon mhaoinithe bhreise a lorgaítear), soláthróidh MSPanna:

- Ráitis airgeadais don dá bhliain roimhe sin (2025-2026 don bhreithmheas 3 bliana tosaigh sin) agus faisnéis airgeadais buiséid do 2027
- Sceideal lena leagtar amach ríomh HICP-X a bheith á chur i bhfeidhm acu maidir lena maoiniú BAU leanúnach¹⁰
- Ráitis airgeadais réamh-mheasta don tréimhse 3 bliana reatha (2028-2030) in aghaidh mhaoiniú BAU
- Gealltanais feidhmíochta bheartaithe don tréimhse 3 bliana reatha
- Insint straitéiseach
- Plé ar éifeachtúlacht
- Fógra maidir le haon iarratais bheartaithe ar mhaoiniú leathnúcháin agus/nó iarratais faoi ailt 103 agus 104 den Acht Craolacháin
- (Go heisceachtúil) 'ráiteas maidir le neamhchomhlíonadh cuspóirí reachtúla'

Le *Ráitis airgeadais* – de chineál stairiúil, buiséid agus réamhaisnéise – áireofar brabús agus caillteanas (B&C), clár comhardaithe agus sreabhadh airgid, i bhformáid atá comhsheasmhach leis an

¹⁰ Chun teacht ar ríomh léiritheach ar mhaoiniú BAU, féach Aguisín 3

gceann a úsáidtear i dtuarascáil bhliantúil an MSP.¹¹ Beidh maoiniú poiblí (le haghaidh caiteachas reatha agus caipitiúil) agus ioncam tráchtála miondealaithe. I bhfianaise uainithe, is dócha go mbeidh na ráitis stairiúla don bhliain roimhe sin sealadach, agus aithníonn an Coimisiún go bhféadfaidís a bheith faoi réir athrú. Má chreideann MSP go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le figiúirí na bliana roimhe sin, ba cheart dó fógra a thabhairt don Choimisiún faoi sin ina aighneacht.

Ba cheart do *réamhaisnéisí airgeadais* a bheith bunaithe ar ioncam tráchtála atá seasta i dtéarmaí ainmniúla. Mar sin féin, má chreideann MSP go mbeidh laghduithe ainmniúla ábhartha ar ioncam tráchtála i ndán dó sa tréimhse 3 bliana, féadfaidh sé nóta lena leagtar amach a réamhaisnéis agus a réasúnaíocht féin a sholáthar. Le réamhaisnéisí airgeadais ba cheart aon neamhéifeachtúlachtaí ábhartha sainaitheanta a chur san áireamh freisin (a sainaitníodh mar thoradh ar mheasúnú éifeachtúlachta ar leithligh nó ní den sórt sin). Ba cheart an t-ioncam a ríomhtar ar bhonn HICP-X a choigeartú anuas chun bainistiú na neamhéifeachtúlachtaí sin a léiriú ar feadh na tréimhse 3 bliana (i dtéarmaí na n-éifeachtúlachtaí leanúnacha a léirítear le 'X').

Is é an pointe tosaigh don *ríomh HICP-X* an t-ioncam leanúnach sa bhliain is déanaí (maoiniú poiblí agus tráchtála) – is é sin, seachas aon mhaoiniú aonuaire a d'fhéadfadh a bheith mar chuid de mhaoiniú poiblí na bliana sin. Le maoiniú aonuaire áirítear aon mhaoiniú a dhearbhaítear go follasach gurb é sin atá ann i mbreithmheas 3 bliana roimhe sin¹², agus aon incrimintí maoinithe a sholáthraítear de rogha an Aire Iasmuigh de chomhthéacs breithmheasa 3 bliana. Leis an sceideal iarrtha ba cheart tuairim MSP a leagan amach, is é sin a thuairim maidir le hioncam na bliana roimhe sin a bheith á scoilt idir maoiniú leanúnach agus aonuaire, agus, trí úsáid a bhaint as sin mar bhonn, maidir le maoiniú BAU amach anseo bunaithe ar fhoirmle HICP-X.

Leis na réamhaisnéisí airgeadais, níor cheart easnamh comhiomlán ábhartha a léiriú le linn na tréimhse. I bhfocail eile, i gcaitheamh na tréimhse, ba cheart do na costais a bheith comhsheasmhach a bheag nó a mhór leis an ioncam a sholáthraítear le cur chuige BAU-X.

Mar a luadh, ba cheart formáid na réamhaisnéisí a bheith ag teacht le formáid thuarascáil bhliantúil MSP.

Le *gealltanais feidhmíochta* ba cheart na treoirilínte a leagtar amach níos déanaí sa doiciméad seo a chomhlíonadh, agus aon idirphlé leis an gCoimisiún maidir le gealltanais feidhmíochta sa chéim phlé réamhiarratais a chur san áireamh. Meastar gurb amhlaidh le gealltanais feidhmíochta sa lántimpeall do mhaoiniú BAU a sholáthrófar feidhmíocht atá cosúil, ar an mórgóir, le feidhmíocht na mblianta roimhe sin (le maoiniú atá, a bheag nó a mhór, coibhéiseach), cé go bhféadfadh rogha agus leibhéal na ngealltanais aonair athrú, bunaithe ar straitéisí forbartha MSP, ath-imlonnú acmhainní, athruithe margaidh agus mar sin de.

Soláthróidh MSPanna *insint straitéiseach* freisin. Níl an méid sin beartaithe a bheith ina straitéis iomlán atá le hullmhú níos déanaí sa phróiseas. Ina ionad sin, ba cheart dó a bheith ina chur síos ar phríomhréimsí tosaíochta le linn na chéad 3 bliana eile, ar an dóigh a bhfuil aghaidh á tabhairt orthu agus ar an dóigh a bhfuil acmhainní á n-imlonnú nó á n-ath-imlonnú chun na tosaíochtaí sin a chomhlíonadh. Tá an insint sin beartaithe chun comhthéacs a sholáthar don réamhaisnéis airgeadais

¹¹ D'fhéadfaí na ceannteidil a úsáidtear sna ráitis réamh-mheasta a chomhiomlánú go réasúnta chun an réamhaisnéisiú a shimpliú. Mar sin féin, ba cheart an méid sin a phlé leis an gCoimisiún roimh an aighneacht a chur isteach

¹² Tabhair faoi deara nach bhfuil feidhm aige sin sa bhreithmheas 3 bliana tosaigh seo

agus do na gealltanais feidhmíochta. Tabhair faoi deara nach bhfuil an insint sin ‘ceangailteach’, agus go bhféadfadh an aighneacht straitéise deiridh a bheith éagsúil léi.

Sa *phlé ar éifeachtúlacht*, tabharfar breac-chuntas ar na bearta a rinne an MSP chun laghdú a dhéanamh ar chostais le linn íoslaghda a dhéanamh ar an tionchar ar cháilíocht an aischuir i gcaitheamh na 3 bliana roimhe sin, agus na bearta a bhfuil sé i gceist aige iad a dhéanamh sna 3 bliana amach romhainn.

Más ábhartha, soláthraíonn an MSP fógra don Choimisiún – *fógra maidir le hiarratas pleanáilte ar mhaoiniú leathnúcháin* – má tá coinne reatha aige leis go mbeidh iarratas á dhéanamh aige le linn na tréimhse 3 bliana ar an maoiniú sin lasmuigh de raon feidhme gnó mar is gnách. Den chuid is mó, thiocfadh sé sin faoi alt 103 den Acht Craolacháin chun seirbhís nua a sheoladh. D’fhéadfadh gá a bheith ag Comhfhiontar nua (faoi alt 104) le maoiniú freisin.

Más rud é (go heisceachtúil) go gcreideann MSP go bhfuil a leibhéal reatha maoinithe neamhleor chun a chuspóirí reachtúla a chomhlíonadh, soláthróidh sé *‘ráiteas maidir le neamhchomhlíonadh cuspóirí reachtúla’* ina leagtar amach na cuspóirí nach bhfuil á gcomhlíonadh aige; an fáth a bhfuil an maoiniú reatha uireasach chun an staid sin a leigheas agus an maoiniú incriminteach is gá chun a chinntiú go mbeidh an MSP comhlíontach arís.

Iarratas ar mhaoiniú aonuaire (roghnach)

Féadfaidh MSPanna, más mian leo, iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú aonuaire chun críche ar leith. Mar sin féin:

- Ní bheadh CapEx ‘tipiciúil’ san áireamh leis sin, rud a chumhdófaí faoi mhaoiniú BAU
- Ní mór teorainn ama shoiléir a bheith leis an maoiniú, gan aon fhéidearthacht ann éifeachtaí dearlaice a chruthú ná cúiseanna eile ann a d’fhágfadh go bhféadfadh sé a bheith deacair, sa chleachtas, scor den mhaoiniú sin
- Ní mór cás láidir a bheith ann i dtaobh an fhátha a bhfuil gá le maoiniú poiblí chun na críche sin (mar shampla, d’fhéadfadh sé go bhféadfaí athfhorbairt maoinne lena nginfi ioncam a mhaoiniú trí fhiachas seachas deontas)

Má tá iarratas ar mhaoiniú den sórt sin á dhéanamh aige, soláthróidh an MSP an méid seo a leanas:

- Leibhéal agus cineál na gcistí poiblí atá á lorg (caiteachas oibríochtúil in aghaidh caiteachas caipitiúil) agus conas a leathfaí iad i gcaitheamh na tréimhse 3 bliana
- ‘Forleagan’ airgeadais lena léirítear an tionchar incriminteach a bheadh ag na cistí ar na réamhaisnéisí airgeadais a sholáthraítear faoi BAU. Ba cheart dó a bheith san fhormáid chéanna le réamhaisnéis BAU, agus ba cheart na costais airgeadais (agus na tairbhí, dá mba ann dóibh) a bhaineann leis an gcuspóir i gceist a léiriú leis sin
- Cur síos insinte ar an gcuspóir; an dóigh a gcomhlíonfar sin leis an gcaiteachas; agus an dóigh a gcomhlíontar na critéir maidir le maoiniú aonuaire leis, go háirithe an dóigh a mbeidh sé faoi teorainn ama
- Na tairbhí neamhairgeadais atá leis an gcuspóir. Más praiticiúil (agus má tá tairbhí an chaiteachais le bheith de chineál fadtéarmach), ba cheart iad a chur in iúl freisin mar incrimintí leis na gealltanais feidhmíochta a thairgtear faoi BAU. Mar sin féin, chun críoch áirithe (amhail feabhsúchán an chlár chomhardaithe), d’fhéadfadh sé nárbh iomchuí sin. Sna cásanna sin, ba cheart ‘gealltanais feidhmíochta spotsolais’ a mholadh. (Is iondúil go mbíonn gealltanais feidhmíochta spotsolais faoi teorainn ama, agus go mbíonn sé deartha chun solas a chaitheamh ar fheidhmíocht tionscnaimh nó ábhair imní ar leith, agus go mbíonn sé níos

díríthe ná na gealltanais feidhmíochta níos straitéisí. Féach Aguisín 1 le haghaidh plé níos mionsonraithe).

Iarratas ar mhaoiniú méadaithe (roghnach)

Faoin gceannteideal seo, féadfaidh MSPanna a roghnú iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú breise leanúnach. Beartaítear an maoiniú sin le haghaidh príomhghníomhaíochtaí nach bhféadfaí a mhaoiniú murach sin faoi BAU. Dá réir sin, is dócha go mbeidh an maoiniú a cheanglaítear cothrom, ar a laghad, le 2% den ioncam iomlán atá ag MSP cheana. Tá caiteachas leanúnach ag an leibhéal sin ina ghealltanais ábhartha maidir le cistí poiblí, agus dá réir sin is gá don fhianaise lena dtacaítear le hiarratas MSP a bheith láidir (cé gur dócha go mbeidh forluí substainteach ann idir sin agus an fhianaise a d'fhorbair an MSP lena dheimhniú dó féin go raibh úsáid an mhaoinithe bhreise le bheith ina léiriú ar luach maith ar airgead).

Thairis sin, beidh sé deimhnithe ag na MSPanna dóibh féin nach bhféadfaí an caiteachas beartaithe a mhaoiniú ó mhaoiniú BAU. Mar shampla, an ann do ghníomhaíochtaí ar luach níos ísle a bhféadfaí scor díobh, agus cistí ath-implonaithe chuig na gníomhaíochtaí nua nó leathnaithe? (Sa chás sin, bheadh an MSP fós in ann iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú méadaithe, ach ba é ba chuspóir dó sin leanúint de mhaoiniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí *easáitithe*, seachas na gníomhaíochtaí nua, ar cheart iad a bheith ionchorpraithe i maoiniú BAU cheana). Impleacht amháin atá aige sin is ea dá lorgófaí maoiniú le haghaidh gníomhaíochtaí nua nó leathnaithe, go bhféadfaí glacadh leis go mbeadh níos lú luach ar airgead ag baint leis na gníomhaíochtaí sin ná leis na gníomhaíochtaí uile atá ann cheana (ós rud é, seachas sin, go mbeadh an ghníomhaíocht nua ionchorpraithe in BAU, agus gníomhaíocht ar luach níos lú *easáitithe*).¹³

Má bhíonn iarratas á dhéanamh aige ar mhaoiniú méadaithe, soláthróidh MSP an méid seo a leanas:

- Leibhéal agus cineál na gcistí poiblí atá á lorg (caiteachas oibríochtúil in aghaidh caiteachas caipitiúil) agus conas a chuirfí leo i gcaitheamh na tréimhse 3 bliana
- Ríomh luach reatha na hiarrata, agus úsáid á baint as an modheolaíocht a leagtar amach in Aguisín 2
- 'Forleagan' airgeadais lena léirítear an tionchar incriminteach a bheadh ag na cistí ar na réamhaisnéisí airgeadais a sholáthraítear faoi BAU. Leis sin ba cheart aon ioncam tráchtála breise a d'fhéadfaí a ghiniúint a léiriú
- Tacar de ghealltanais feidhmíochta fheabhsaithe lena léirítear an méadú ar fheidhmíocht a bhaineann leis an maoiniú breise (agus aird á tarraingt ar dhifriochtaí ó ghealltanais feidhmíochta BAU)
- 'Gealltanais feidhmíochta spotsolais' beartaithe don mhéadú maoinithe sa ghearrthéarma, más iomchuí
- Insint, lena ndéantar cur síos ar an méid seo a leanas:
 - An bonn don réamhaisnéis ar ghealltanais feidhmíochta fheabhsaithe
 - Úsáid an airgid laistigh den tréimhse 3 bliana (tabhair faoi deara gur faisnéis tacaíochta atá ann, seachas bonn príomha an Choimisiúin chun measúnú a dhéanamh ar fhiúntais an iarratais)

¹³ Ó cheart, is féidir glacadh leis go bhfuil an maoiniú nua ar luach airgid níos ísle ná an ghníomhaíocht Luach ar Airgead is ísle dá bhfuil ann agus *ar féidir scor di*. Ní féidir caiteachas atá ann cheana agus atá gaibhnithe a easáitiú le caiteachas nua

- Cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh le húsáid tosaigh an airgid a chruthófar ‘gaibhniú’, nó cé acu a bheidh nó nach mbeidh an t-airgead idirmhalartach, i ndáiríre, agus ath-implonaithe chun críoch eile in am trátha más iomchuí
- Má lorgaítear maoiniú le haghaidh maoiniú nua nó leathnaithe, nóta lena ndéantar achoimre ar anailís MSP a d’fhág gur tháinig sé ar an gconclúid go raibh maoiniú, trí ath-implonú na gcistí a bhí ann cheana, míchuí faoi BAU
- Nóta lena leagtar amach na próisis cheadaithe inmheánacha (más ann) lena formhuiníodh an togra

Le haghaidh na hinsinte lena mínítear an bonn do na gealltanais feidhmíochta fheabhsaithe, ba cheart do na MSPanna míniú a thabhairt ar an dóigh a dtacóidh na húsáidí ar leith le feabhsú sna gealltanais feidhmíochta i gceist. A mhéid is indéanta, ba cheart don MSP míniú a thabhairt ar an bhfáth a mbeidh caiteachas sna réimsí sin ina thaca le *méid* an mhéadaithe a bhfuil coinne leis. D’fhéadfadh an MSP (abraimis) a léiriú go raibh an caiteachas á chur i dtreo réimse ina raibh níos mó míshástachta i measc an lucht féachana i gcomparáid le cinn eile, agus dá réir sin go raibh seans ann go bhfeabhsófaí braistint fhoriomlán ar cháilíocht leis sin; nó d’fhéadfadh sé a bheith dírithe ar sciathra den lucht féachana a bhí sách míshásta.

I roinnt cásanna, is dócha gur measúnú cáilíochtúil a bheidh ann sin seachas ceann anailíseach.

Dá roghnódh sé déanamh amhlaidh, d’fhéadfadh an MSP ‘easrampa’ a shonrú don mhaoiniú méadaithe – is é sin, tástáil amach anseo ar éifeachtacht an mhaoinithe, as a dtiocfadh a aistarraingt dá dteipfeadh uirthi. D’fhéadfadh an méid sin a bheith iomchuí dá mbeadh úsáid an mhaoinithe níos trialalaí nó éiginnte ó thaobh a tairbhí de. Is dóichí go gceadófaí iarraidh ar mhaoiniú le heasrampa den sórt sin, ós rud é go bhfuil riosca fadtéarmach níos ísle ag baint léi.

Má tá maoiniú méadaithe á lorg aige, ba cheart don MSP iarratas a dhéanamh ar an leibhéal maoinithe breise a chreideann sé a léiríonn an luach is fearr ar airgead, i dtéarmaí an luach breise a fhaightear i gcomparáid leis an gcostas breise. (Mar shampla, d’fhéadfadh figiúr ró-íseal a bheith neamhleor chun tionscadal ar leith a bhfuil luach suntasach ag baint leis a mhaoiniú, ach, os a choinne sin, d’fhéadfadh toradh laghdaitheach a bheith ann mar thoradh ar fhigiúr atá ró-ard.)

I bhfianaise an chur chuige sin, d’fhéadfadh an Coimisiún a bheith airdeallach maidir le hincrimint mhaoinithe idirmheánach a mholadh, má mheasann sé nach luach maith ar airgead é togra an MSP maidir le maoiniú méadaithe. Dá measfadh an MSP gurbh í an incrimint bheartaithe uaidh an incrimint ab fhearr ó thaobh luach ar airgead de, agus dá ndiúltódh an Coimisiún don togra sin, d’fhéadfadh sé gur lú fós an seans go léireodh suimeanna ní ba lú luach maith ar airgead.

Breithmheas agus tuarascáil ón gCoimisiún

Uainiú

Tá tuarascáil an Choimisiúin le bheith istigh faoin 30 Meitheamh

Ceanglas reachtúil

De réir §112D den Acht, 'Raon Feidhme an bhreithmheasa 3 bliana':

(1) I mbreithmheas 3 bliana, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas—

- (a) déanfaidh sé measúnú ar leibhéal an chaiteachais reatha agus ar leibhéal an chaiteachais chaipitiúil de chuid na corparáide lena mbeidh gá i ngach ceann de na blianta breithmheasa—
 - (i) chun a chumasú don chorparáid a cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, agus
 - (ii) chun a neamhspleáchas eagarthóireachta a chosaint,
- (b) déanfaidh sé measúnú ar an leibhéal acmhainní seachas maoiniú faoi alt 123 a bheidh ar fáil don chorparáid chun na leibhéil chaiteachais dá dtagraítear i mír (a) a chomhlíonadh,
- (c) déanfaidh sé measúnú ar an leibhéal maoinithe faoi alt 123 le haghaidh caiteachas reatha, agus ar an leibhéal maoinithe faoi alt 123 le haghaidh caiteachas caipitiúil, lena bhfuil gá chun a chumasú don chorparáid na leibhéil chaiteachais dá dtagraítear i mír (a) a chomhlíonadh,
- (d) déanfaidh sé athbhreithniú ar na tograí a dhéanann an chorparáid faoi alt 112C(2)(a) agus ar a haighneacht faoi alt 112C(2)(b) i dtaobh na gcostas, struchtúr na gcostas agus an chaiteachais a bhaineann leis na tograí sin,
- (e) cinnfidh sé gealltanais feidhmíochta agus aschuir bheartaithe na corparáide do na blianta breithmheasa agus na táscairí feidhmíochta agus na méadrachtaí atá le cur i bhfeidhm maidir leo, ag féachaint dá mheasúnú ar na costais, ar struchtúr na gcostas agus ar an gcaiteachas a bhaineann leis na gealltanais agus leis na haschuir sin, agus
- (f) déanfaidh sé cibé measúnuithe eile a bhaineann le maoiniú agus feidhmíocht na corparáide a shonróidh an tAire i scríbhinn chuig an gCoimisiún.

(2) Agus breithmheas 3 bliana á dhéanamh cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh—

- (a) an chonair ghlanchaiteachais a mholann an Chomhairle Eorpach faoi Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle,
- (b) cur i bhfeidhm dhlí an Aontais Eorpaigh lena rialaítear státchabhair,
- (c) aighneacht na corparáide faoi alt 112C,
- (d) cibé ábhair eile a shonróidh an tAire le fógra i scríbhinn chuig an gCoimisiún, agus

- (e) aon ábhar eile a mheasann an Coimisiún a bheith ábhartha.

Le halt 112E den Acht, ‘Tuarascáil agus moltaí tar éis breithmheas 3 bliana’, áirítear:

(1) Leis an tuarascáil atá bunaithe ar bhreithmheas 3 bliana déanfar an méid seo a leanas—

- (a) leagfar amach torthaí an Choimisiúin sa bhreithmheas,
- (b) molfar an leibhéal maoinithe faoi alt 123 le haghaidh caiteachas reatha, agus an leibhéal maoinithe faoi alt 123 le haghaidh caiteachas caipitiúil, a mheasann an Coimisiún gur gá i ngach ceann de na blianta breithmheasa—
 - (i) chun a chumasú don chorparáid a cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh sna blianta sin, agus
 - (ii) chun neamhspleáchas eagarthóireachta na corparáide a chosaint,
- (c) luafar gealltanais feidhmíochta agus aschuir bheartaithe na corparáide a chinneann an Coimisiún do na blianta breithmheasa, mar aon leis na táscairí feidhmíochta agus na méadrachtaí atá le cur i bhfeidhm maidir leo, agus
- (d) tabharfar aghaidh ar cibé ábhair eile a shonróidh an tAire le fógra i scríbhinn chuig an gCoimisiún.

In §112B (1) (d) den Acht luaitear go n-áireofar modheolaíocht sa Ráiteas sin chun “leibhéil reatha mhaoinithe na corparáide a chur san áireamh faoi alt 123 [maoiniú poiblí]”.

Cur síos

Chun a mholtaí maoinithe agus gealltanais feidhmíochta a bhaint amach agus chun tuairisciú orthu, déanfaidh an Coimisiún na bearta seo a leanas. Tabhair faoi deara go ndéanfar idirphlé leis na MSPanna, go háirithe do na bearta measúnaithe, chun a dtograí a thuiscint agus a shoiléiriú mar is gá, agus – má tá breiseanna nó leasuithe ar na gealltanais feidhmíochta á mbreithniú ag an gCoimisiún – chun na hathruithe sin a phlé leis na MSPanna.

Measúnú ar thogra BAU

Agus measúnú á dhéanamh ar aighneacht mhaoiniú BAU de chuid MSP, breithneoidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- An bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear go bhfuil an maoiniú reatha neamhleor chun cuspóirí MSP a chomhlíonadh? D’fhéadfadh sé gur ‘ráiteas maidir le neamhchomhlíonadh cuspóirí reachtúla’ ón MSP a bheadh i gceist leis sin, ach d’fhéadfadh an Coimisiún fianaise eile a bhreithniú. Dá mba amhlaidh gur neamhleor an maoiniú reatha, d’fhéadfadh maoiniú bunaithe ar fhoirmle HICP-X a bheith neamhleor chun a chinntiú go leanfar de na cuspóirí a chomhlíonadh

- An bhfuil ríomh an MSP ar mhaoiniú bunaithe ar HICP-X bailí¹⁴
- An bhfuil aon fhianaise ann a d'fhágfadh go mbeadh aon mhaoiniú bunaithe ar HICP-X neamhleor le haghaidh neamhspleáchas eagarthóireachta? Tá an struchtúr atá ag an maoiniú HICP-X féin deartha chun cinntí maoinithe a choimeád ar leithligh ó chinnteoireacht eagarthóireachta de chuid MSPanna, ach más rud é (go heisceachtúil) atá fianaise ann go gcuirfear neamhspleáchas eagarthóireachta i mbaol, breithneoidh an Coimisiún an méid sin.
- An bhfuil na réamhaisnéisí airgeadais inchreidte agus inbhuanaithe? An bhfuil siad comhsheasmhach leis an insint straitéiseach? An léirítear seasamh cláir chomhardaithe deiridh leo atá ró-uailithe le fiachas, nó an mó an t-airgead glan ná mar is gá go hábhartha le haghaidh caipiteal oibre?
- An bhfuil na réamhaisnéisí airgeadais i gcomhréir le ceanglais stáitchabhrach, gan aon fhianaise ar róchúiteamh ann (trí bhrabúis mharthanacha go háirithe)

Má thugtar ábhar imní le maoiniú HICP-X le fios le haon cheann de na réimsí thuas¹⁵, breithneoidh an Coimisiún cé na coigeartuithe ar an ioncam sin a fhéadfaidh a bheith riachtanach chun tacú le gnó mar is gnách. I gcás den sórt sin, pléifidh an Coimisiún leis an MSP chun athbhreithnithe gaolmhara ar na gealltanais feidhmíochta a thairgtear a bhreithniú.

Agus measúnú á dhéanamh ar ghealltanais feidhmíochta BAU, breithneoidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- An gcomhlíontar na treoirlínte a leagtar amach sa doiciméad seo leis na gealltanais feidhmíochta atá beartaithe?
- An bhfuil siad comhsheasmhach leis an insint straitéiseach?
- An bhfuil siad sách uailmhianach, go háirithe nuair a chuirtear i gcomparáid iad le feidhmíocht a rinneadh le déanaí?
- An bhfuil gá le haon ghealltanais feidhmíochta 'spotsolais' (bhreise)?

Féadfaidh an Coimisiún a roghnú gealltanais feidhmíochta BAU a thairgeann MSP a leasú, cé gurb amhlaidh le hidirphlé le linn na céime plé réamhiarratais ba cheart laghdú a dhéanamh ar an dóchúlacht gur gá sin. Más amhlaidh a chuireann an Coimisiún gealltanais feidhmíochta breise isteach, leanfaidh sé na Treoirlínte Gealltanais Feidhmíochta a leagtar amach sa doiciméad seo.

Measúnú ar iarraidh ar mhaoiniú aonuaire, más ann

Agus iarraidh ar mhaoiniú aonuaire á breithniú, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas ar dtús:

- Deimhneoidh sé dó féin gur cinnte go bhfuil an iarraidh faoi theorainn ama
- Déanfaidh sé measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil sé lasmuigh de raon feidhme a bhféadfaí a mhaoiniú go réasúnta trí mhaoiniú BAU
- Déanfaidh sé measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil an maoiniú a iarrtar i gcomhréir leis an gcuspóir
- Breithneoidh sé cibé acu atá nó nach bhfuil arduithe gealltanais feidhmíochta (má thairgeann an MSP iad) ar leibhéil iomchuí

¹⁴ Beidh cumas an Choimisiúin chun an méid sin a bhailíochtú ag brath ar shonraí maidir le haon mhaoiniú *ad hoc* a deonaíodh a bheith á soláthar ag an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt

¹⁵ Arna choigeartú mar is gá chun aghaidh a thabhairt ar aon neamhéifeachtúlachtaí sainaitheanta ábhartha. Féach Aighneacht ó na MSPanna

Lastall de na tástálacha sin, beidh meastóireacht an Choimisiúin ar fhiúntais na hiarrata de réir staide, agus iad oiriúnaithe dá cineál agus dá scála.

Measúnú ar iarraidh ar mhaoiniú aonuaire, más ann

Agus iarraidh ar mhaoiniú aonuaire á breithniú, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht, ar dtús, ar thogra agus stair an MSP:

- An bhfuil úsáid bheartaithe na gcistí oiriúnach do mhaoiniú méadaithe (seachas maoiniú leathnúcháin)
- An bhfuil an t-ardú i ngealltanais feidhmíochta i gcomhréir leis an maoiniú a iarrtar? (Mar shampla, má dhúbalaítear an buiséad le haghaidh tairiscint ar leith, an léirítear méadú comhchuímeach¹⁶ ar thomhaltas sna gealltanais feidhmíochta?)
- An bhfuil an t-ardú de chineál ábhartha?
- An bhfuil na feabhsuithe ar ghealltanais feidhmíochta (agus úsáid láithreach cistí) i réimsí ar réimsí tosaíochta le haghaidh feabhsú iad, bunaithe ar mheasúnú an Choimisiúin ar riachtanais an lucht féachana? Mura bhfuil, ar áitigh an MSP go láidir ar son tosaíocht níos airde a thabhairt don iarraidh seo ar mhaoiniú?
- An bhfuil cuntas teiste maith ag an MSP maidir leis na gealltanais feidhmíochta bheartaithe, a thairgtear faoi mheasúnuithe trí bliana roimhe sin, a chomhlíonadh?¹⁷
- An bhfuil aon ghealltanais feidhmíochta spotsolais sách spriocdhírthe agus sínteach?
- An bhfuil an iarraidh ar mhaoiniú i gcomhréir leis an luach reatha ríofa?
- An bhfuil na réamhaisnéisí airgeadais i gcomhréir le ceanglais stáitchabhrach, gan aon fhianaise ar róchúiteamh ann?

Athbhreithniú comhthéacsúil

Déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar thograí an MSP i gcomhthéacs na conaire glanchaiteachais ceadaithe, agus aon treoir bheartais maidir le maoiniú MSP

Seo a leanas na figiúirí is déanaí a ceadaíodh le haghaidh chonair ghlancaiteachais na hÉireann¹⁸:

	20 28	20 29	20 30
Fás glanchaiteachais (ainmniúil)	7.6%	6.7%	6.4%
Boilsciú	2.2%	2.2%	2.3%
Fás carnach intuigthe			
Ainmniúil	7.6%	14.8%	22.2%
Fíor	5.4%	10.1%	14.7%

¹⁶ Ní gá gur comhréireach is brí le comhchuímeach

¹⁷ I bhfianaise an mhaoinithe a sholáthraítear. Féach Aighneacht ó na MSPanna

¹⁸ Comhairle an Aontais Eorpaigh, [Moladh ón gComhairle lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hÉireann](#), 2 Márta 2026

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar conas a chuirtear conair na n-iarraí maoinithe *comhcheangailte* ó na MSPanna i gcomparáid leis an gconair ghlancaiteachais. Níl méadú ar mhaoiniú le haghaidh MSP amháin atá os cionn na conaire caiteachais do-ghlactha ó nádúr. Mar sin féin, má tá an iarraidh ar mhaoiniú comhcheangailte os cionn na conaire caiteachais, is dócha go mbeidh an Coimisiún i bhfad níos airdeallaí.

Féadfaidh an Coimisiún (go heisceachtúil) treoir maidir le maoiniú a fháil ón Aire. D'fhéadfadh sé gur mhian le rialtas mar ábhar beartais maoiniú MSP a leathnú nó a laghdú, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh sé tar éis scríobh chuig an gCoimisiún chun fógra a thabhairt dó faoi bheartas den sórt sin. Sna himthosca sin, bheadh coinne ag an gCoimisiún leis, den chuid is mó, go mbeadh a mholtaí aillínithe leis an treoir sin.

Mar sin féin, níl an treoir sin cinntitheach le haghaidh mholadh maoinithe deiridh an Choimisiúin. Go háirithe, d'ainneoin aon bheartas chun maoiniú a laghdú, beidh aird chuí ag an gCoimisiún ar cheanglais an Achta go ndéanfaidh sé measúnú ar leibhéal an chaiteachais is gá chun tacú le cuspóirí na MSPanna a chomhlíonadh, agus chun neamhspleáchas eagarthóireachta a chosaint. Cuirfidh an Coimisiún an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA) san áireamh freisin.¹⁹ In Airteagal 5 luaitear an méid seo a leanas:

“Áiritheoidh na Ballstáit gur ar chritéir thrédhearcacha agus oibiachtúla a leagfar síos roimh ré a bheidh na nósanna imeachta maoiniúcháin le haghaidh na soláthraithe meán seirbhíse poiblí bunaithe. Leis na nósanna imeachta maoiniúcháin sin, ráthófar go mbeidh acmhainní airgeadais leordhóthanacha, inbhuanaithe agus intuartha ag na soláthraithe meán seirbhíse poiblí lena gcomhfhreagróir do chomhlíonadh a sainchúraim seirbhíse poiblí agus dá gcumas forbartha faoi chuimsiú an tsainchúraim sin. Beidh na hacmhainní airgeadais sin amhlaidh chun go gcosnófar neamhspleáchas eagarthóireachta na soláthraithe meán seirbhíse poiblí.”

Breithiúnas na gCoimisinéirí

Bunaithe ar an anailís thuas, cinntí na Coimisinéirí gealltanais feidhmíochta agus déanfaidh siad moladh maoinithe.

Is é an chéad ábhar atá le breithniú ag na Coimisinéirí cé acu atá nó nach bhfuil na gealltanais feidhmíochta beartaithe faoi BAU de chuid an MSP iomchuí, ag tarraingt ar an anailís thuas.

Mura mbeidh iarratas ar mhaoiniú breise déanta ag an MSP, tagann maoiniú BAU (HICP-X le haon choigeartuithe is gá) móide na gealltanais feidhmíochta seo arna leasú chun bheith ina mholadh agus ina gcinneadh faoi seach de chuid na gCoimisinéirí.

Má tá iarratas ar mhaoiniú méadaithe déanta ag an MSP, tá gealltanais feidhmíochta BAU arna leasú ina léiriú ar an mbonnlíne ar ina haghaidh is féidir tairbhí incriminteacha an mhaoinithe bhreise a thomhas. Breithneoidh na Coimisinéirí an t-ardú ar ghealltanais feidhmíochta (idir BAU agus iad sin a thairgeann an MSP in aghaidh maoiniú méadaithe), agus tabharfaidh siad breithiúnas ar cé acu atá nó nach bhfuil an méid sin ina léiriú ar luach maith le haghaidh cistí poiblí breise.

Cuirfidh na Coimisinéirí an méid seo a leanas san áireamh freisin:

- Solúbthacht úsáid na gcistí. An bhfuil sí in-aisiompaithe (trí easrampa a sholáthar) nó ath-implonaithe (is é sin, níl an úsáid tosaigh ‘gaibhnithe’ trí éifeacht dearlaice nó ní den sórt sin)?

¹⁹ [Rialachán \(AE\) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024](#)

Tá an dá staid sin níos fearr ná ceann inarb amhlaidh nach féidir athrú a dhéanamh ar úsáid cistí.

- Inchreidteacht an ardaithe feidhmíochta arna thairiscint, ar an gcéad amharc agus bunaithe ar theist an MSP san am atá caite maidir le soláthar (tabhair faoi deara go mbeidh ábharthacht níos lú ag baint leis an bhfeidhmíocht san am atá caite sa chéad atriall seo ar an mbreithmheas 3 bliana, sa mhéid gur forbraíodh gealltanais feidhmíochta san am a chuaigh thart faoi chreat an-difriúil)
- A mhéid a thugtar le fios le gealltanais fheabhsaithe ón lucht féachana go mbeidh na cistí á n-implonú ag an MSP chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí is mó atá i ngátar de réir an lucht féachana

I bhfianaise a measúnaithe ar an luach ar airgead a bhaineann leis an maoiniú méadaithe, formhuineoidh na Coimisinéirí maoiniú BAU agus na gealltanais feidhmíochta, nó an maoiniú méadaithe móide gealltanais feidhmíochta mhéadaithe. Den chuid is mó, seachnóidh na Coimisinéirí seasamh idirmheánach (leithdháileadh páirteach ar mhaoiniú méadaithe), nach mbeadh aon gealltanais feidhmíochta forbartha lena aghaidh.

Ar deireadh, bunóidh na Coimisinéirí a mbreithiúnas ar mhaoiniú aonuaire. Mar a luadh, is dócha, mar is gá, go mbeidh an bonn le haghaidh an bhreithiúnais sin de chineál *ad hoc*. Mar sin féin, má dheonaítear an maoiniú agus má bhaineann sé le gealltanais feidhmíochta feabhsaithe, léireofar sin sna gealltanais feidhmíochta chinntithe, ach an oiread le haon 'gealltanais feidhmíochta spotsolais' ábhartha.

Tuarascáil an Choimisiúin

Ar deireadh, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil lena leagtar amach a mholtaí maoinithe agus a ghealltanais feidhmíochta chinntithe, agus a réasúnaíocht tacaíochta. Ar na moltaí maoinithe d'fhéadfaí maoiniú teagmhasach a áireamh, mar shampla chun tacú le forbairt nua nuair a bheidh réamhchoinníollacha rialála nó eile comhlíonta. Tabharfar aghaidh sa tuarascáil freisin ar aon ábhair eile a d'fhéadfadh a bheith sonraithe ag an Aire.

Aguisín 1: Treoirínite maidir le Gealltanais Feidhmíochta

Is iomaí cuspóir atá ag na gealltanais feidhmíochta. Is féidir leo:

- An luach a chruthaíonn na MSPanna a chur in iúl (i gcás inar féidir é sin a shloinneadh i méadracht chainníochtaithe)
- Foráil a dhéanamh maidir le measúnú ar na tairbhí a bhaineann le maoiniú breise (tríd an ardú a leanann as sin i ngealltanais feidhmíochta thairgthe)
- Gníomhú mar uirlis spreagthach do MSPanna agus dá bhfoirne
- Athbhreithniú cúlghabhálach ar fheidhmíocht MSP a cheadú in aghaidh ionchas

Leagtar amach thíos moltaí le haghaidh Ghealltanais Feidhmíochta an MSP.²⁰

Dírthe ar thorthaí, nó más gá, ar aschuir

Is éard atá i gceist le toradh, toradh a bhaineann go díreach le lucht féachana nó tairbhíthe eile de thairiscint MSP. Ar na samplaí tá leibhéal tomhaltas, braistint an lucht féachana ar cháilíocht, nó tomhas tionchair ar úsáid teanga. Is éard is aschur ann rud éigin a 'thairgeann' MSP, amhail uaireanta de chraoladh drámaíochta, nó uasghrádú maidir le seirbhís Físeáin ar Éileamh.

Is iondúil gur fearr is féidir luach MSP a chur in iúl trí mhéadrachtaí toraidh. Tríothu sin, déantar an tairbhe a bhaineann le tairiscint MSP do lucht féachana (agus do na saoránaigh) a thomhas ar bhealach i bhfad níos dírf. Dá réir sin, aon uair is féidir, ba cheart do ghealltanais feidhmíochta a bheith ina méadrachtaí toraidh. I gcásanna áirithe, féadfaidh méadrachtaí aschuir a bheith úsáideach mura bhfuil sé indéanta toradh gaolmhar a chur in iúl nó a thomhas (go háirithe sa tréimhse 3 bliana ábhartha). Mar shampla, sprioc amháin a d'fhéadfadh a bheith i gceist ná dáileachán a dhaingniú ar ardán nua, ar an mbonn go mb'fhéidir nach mbeadh an tionchar ar thomhaltas (méadracht toraidh) ábhartha láithreach.

Tá méadracht ionchuir ar an tríú catagóir. Is sampla cruthanta é an leibhéal caiteachais. Mura bhfuil siad go huile is go hiomlán dosheachanta, tá gealltanais feidhmíochta ionchuir le seachaint. Ní bhaineann siad go suntasach leis an luach poiblí a chruthaítear; is féidir leo dreasachtaí saobha a chruthú (amhail leanúint den chaiteachas nuair a bheidh sin tagtha chun bheith míchuí) agus is minic nach mbíonn siad spreagúil (sa mhéid is minic nach deacair airgead a chaitheamh).

Dírthe ar 'mhacraibhearta' príomha agus athruithe straitéiseacha

Níl sé beartaithe go ndéanfaí gach gníomhaíocht MSP luachmhar (nó riachtanach) a rianú le gealltanais feidhmíochta. Níor cheart 'fachtóirí sláinteachais' a áireamh iontu, amhail rialachán a chomhlíonadh. Ná ní gá go gcuirfí gnéithe d'fheidhmíocht san áireamh iontu, gnéithe atá faoi réir a rianaithe agus a dtuairiscithe ar leithligh féin, amhail cloí le buiséid.

Ina ionad sin, ba cheart iad a bheith dírithe go príomha ar 'mhacraibhearta' (iad sin lena gcuirtear in iúl an luach a chruthaíonn MSP agus atá ábhartha go fadtéarmach) nó athruithe straitéiseacha ar leith a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach ar feadh na tréimhse 3 bliana atá i gceist.

²⁰ Sa chuid seo, tarraingítear ar mholtaí a leagtar amach in DCCS, [Meastóireacht ar an gCóras Faisnéise Feidhmíochta sa Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt](#), 15 Nollaig 2025

Líon teoranta

Tá an baol ann go gcaillfí an fócas dá mbeadh líon ard gealltanais ann agus dá ndéanfaí spriocanna tosaíochta níos airde agus níos ísle a mheascadh. Cé go bhfuil cuspóirí éagsúla ag na MSPanna a mbeidh méadrachtaí éagsúla uathu mar is gá, ba cheart an líon gealltanais feidhmíochta a bheith teoranta a mhéid is indéanta.

Cobhsaí tríd is tríd

Tiocfaidh athrú ar roinnt gealltanais feidhmíochta le himeacht ama, de réir mar a chuirtear tionscnaimh straitéiseacha áirithe i gcrích (agus nach bhfuil gá le gealltanais feidhmíochta lena n-aghaidh a thuilleadh) agus mar a chuirtear tús le tionscnaimh eile. Mar sin féin, ba cheart formhór na ngealltanais feidhmíochta de chuid MSP a bheith comhsheasmhach ar feadh thimthriallta 3 bliana (i bhfoirmlíú – ‘uaireanta tomhaltais’, cuir i gcás – fiú má thagann athrú ar leibhéil sprice). Ós rud é nach n-athraíonn cuspóirí meán seirbhíse poiblí, ná cuspóirí na MSPanna go háirithe, go minic, níor cheart athrú teacht ach oiread ar chuspóirí fhoirmhór na ngealltanais feidhmíochta a úsáidtear chun soláthar a rianú.

Cuidíonn tacar de ghealltanais feidhmíochta atá cobhsaí tríd is tríd le rianú feidhmíochta go fadtéarmach, agus soláthraítear bonn láidir leis freisin chun measúnú a dhéanamh ar leibhéil iomchuí de ghealltanais feidhmíochta do na 3 bliana atá le teacht.

Sínteach agus inbhainte amach

Baineann cuid de chuspóir na ngealltanais feidhmíochta le bheith spreagúil. Ní oibríonn sin ach amháin mura bhfuil leibhéal na sprice ar cheann atá cinnte le baint amach, ná ar cheann atá chomh sínteach sin go meastar go bhfeictear é mar rud nach féidir a bhaint amach.

Thairis sin, má tá gealltanais feidhmíochta fheabhsaithe le húsáid mar ‘airgeadra’ chun tacú le hiarrataí ar mhaoiniú breise, tá sé tábhachtach go mbeidh na gealltanais feidhmíochta bhonnlíne agus na gealltanais feidhmíochta fheabhsaithe a bhaineann leis an maoiniú breise réalaíoch araon. Mar shampla, má bhíonn na gealltanais feidhmíochta a thairgtear in aghaidh maoiniú breise ró-ionsaitheach, is é a d’fhéadfadh teacht as sin, sa ghearrthéarma, go ndéanfaí maoiniú go míchuí agus, san fhadtéarma, d’fhéadfaí damáiste a dhéanamh d’inchreidteacht an MSP le haghaidh babhtais maoinithe san am atá le teacht, dá mbeadh na gealltanais feidhmíochta a tairgeadh caillte go dona.

Dearbh, seachas iomaíoch

D’fhéadfadh méid tomhaltais a bheith i gceist le méadracht dhearbha. D’fhéadfadh an sciar féachana, nó an aicme sciar a bheith i gceist le méadracht choibhneasta. Agus measúnú á dhéanamh ar an luach a sholáthraítear, tá tábhacht le tomhaltas seachas an sciar. Dá réir sin, chun an luach ar airgead a chinneadh (go háirithe maidir le maoiniú incriminteach), is dócha go mbeidh méadrachtaí dearbha ina gcuidiú.

Gníomhú mar spotsolas mar is gá

Ó am go ham, d’fhéadfadh ábhair imní a bheith ann (don MSP, don Choimisiún nó dóibh araon) maidir le feidhmíocht an MSP, i gcás ina bhféadfadh gealltanais feidhmíochta a bheith ina ‘spotsolas’ iomchuí chun solas a chaitheamh ar an bhfeidhmíocht reatha agus/nó ar dhul chun cinn i bhfeabhsú.

Is minic a bhíonn gealltanais feidhmíochta ‘spotsolais’ iomchuí freisin i gcás inar sheol an MSP seirbhís nua de thoradh toiliú aireachta a deonaíodh faoi §103 den Acht Craolacháin. Tríd sin, tabharfar infheictheacht d’fheidhmíocht iarbhair, chun comparáid a dhéanamh leis an bhfeidhmíocht thuartha a bhí mar bhonn agus mar thaca ag an iarratas ar sheirbhís.

SMART

I gcomhréir le dea-chleachtais ghinearálta le haghaidh cuspóirí, ba cheart do ghealltanais feidhmíochta a bheith sonrach, intomhaiste, indéanta, ábhartha agus faoi cheangal ama. Tríd sin, déantar argóint in aghaidh spriocanna insinte (ar féidir leo a bheith uailmhianach), ach d'fhéadfaidís a bheith iomchuí in imthosca áirithe.

Cúngú ar bith ar neamhspleáchas eagarthóireachta

Go ginearálta, beidh a ngealltanais feidhmíochta féin á leagan síos ag MSPanna, agus ní thagann saincheistean neamhspleáchais eagarthóireachta chun cinn ina leith siúd. Mar sin féin, má bhíonn gealltanais feidhmíochta á shonrú ag an gCoimisiún as a stuaim féin, seachnóidh sé gealltanais a bhféadfaí a mheas gur treoir eagarthóireachta atá i gceist leo.

Gealltanais feidhmíochta spotsolais

Tá an gealltanais feidhmíochta spotsolais ina chatagóir leithleach de ghealltanais feidhmíochta. Le maoiniú aonuaire agus méadaithe d'fhéadfadh gá a bheith le gealltanais feidhmíochta spotsolais chun rianú a dhéanamh ar thairbhí sonracha an mhaoinithe bhreise. Ó am go ham, d'fhéadfadh gealltanais feidhmíochta spotsolais a bheith úsáideach chun ábhar imní a rianú.

D'fhéadfadh gealltanais feidhmíochta spotsolais a bheith riachtanach le haghaidh maoiniú breise dá gcuirfeadh an maoiniú sin le gealltanais feidhmíochta níos leithne, i gcás inarb amhlaidh is deacair tionchar an mhaoinithe incrimintigh a scaradh ó fhachtóirí eile. Mar shampla, d'fhéadfadh sé gurb éard atá i gceist leis an iarratas ar mhaoiniú drámaíocht na Gaeilge a mhéadú, rud a rannchuideodh le dearcadh níos ginearálta maidir le gealltanais feidhmíochta go bhfuil "clársceidealúchán ardcháilíochta ag [MSP]". Mar sin féin, d'fhéadfadh sé gur dheacair tionchar sonrach dhrámaíocht na Gaeilge a dhéanamh amach. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go mbeadh gá le gealltanais feidhmíochta spotsolais amhail 'tá drámaíocht ardcháilíochta ag [MSP]' chun rath na hinfheistíochta a rianú.

De mhalairt air sin, d'fhéadfadh an ghníomhaíocht atá le rianú a bheith de chineál aonuaire, agus/nó a bheith lasmuigh de ghnáthghealltanais feidhmíochta leanúnacha. Mar shampla, d'fhéadfadh feabhsúchán cláir chomhardaithe nó athfhorbairt maoinne rannchuidiú go hindíreach, agus go hindíreach amháin, leis na gealltanais feidhmíochta leanúnacha, ach mar sin féin, b'fhiú rianú a dhéanamh air nó uirthi trí ghealltanais feidhmíochta.

Tabhair faoi deara go mbeidh na gealltanais feidhmíochta spotsolais sin faoi theorainn ama i gcoitinne. De réir a chineáil, tagann deireadh le maoiniú aonuaire (agus leis an úsáid ghaolmhar). Leanann maoiniú méadaithe ar aghaidh, ach san am atá le teacht d'fhéadfadh gur mhian le MSP úsáidí eile a bhaint as an maoiniú sin. Sa sampla thuas, d'fhéadfadh an gealltanais feidhmíochta maidir le 'drámaíocht ardcháilíochta' dul in éag don chéad thimthriall 3 bliana eile, ach bheadh 'clársceidealú ar cháilíocht níos airde' fós ann, ag an leibhéal níos airde.

Ba cheart do na gealltanais feidhmíochta spotsolais cloí freisin leis na treoirlínte ginearálta do ghealltanais feidhmíochta a leagtar amach thuas.

Aguisín 2: Luach reatha an ríomha maoinithe todhchaí

Chun luach reatha táscach ar iarraidh ar mhaoiniú méadaithe a sholáthar, úsáidfear an fhoirmle shimplithe²¹ seo a leanas:

$$\text{Scáthphraghas ar chistí poiblí} \times \left(\frac{\text{Luach na hiarrata ar mhaoiniú le haghaidh bhliain 3}}{\text{Ráta lascaine sóisialta} + \text{fachtóir éifeachtúlachta}} \right)$$

Is é DPER a leagann síos an scáthphraghas ar chistí poiblí agus an ráta lascaine sóisialta²², agus tá siad cothrom le 130% agus 4% faoi seach faoi láthair. Tá an fachtóir éifeachtúlachta cothrom le 'X' i bhfoirmle HICP-X do mhaoiniú BAU, agus tá sé cothrom le 2% don bhreithmheas 3 bliana seo.²³

Mar shampla, bheadh an luach reatha ar iarraidh ar mhaoiniú méadaithe a d'ardaigh chuig €5m i mbliain 3 cothrom leis an méid seo a leanas:

$$130\% \times \left(\frac{€5m}{4\% + 2\%} \right) = €108.3m$$

²¹ Tabhair faoi deara nach gcuirtear aon 'méadú' chuig leibhéal maoinithe bhliain 3 san áireamh san fhoirmle seo, ach go nglactar leis nach dtosaíonn an maoiniú ach ag an leibhéal sin. Déanfar áibhéil ar an gcostas reatha tríd sin.

²² DPER, [Central Technical Appraisal Parameters – Discount Rate, Time Horizon, Shadow Price of Public Funds and Shadow Price of Labour](#) [Paraiméadair Bhreithmheasa Theicniúla Lárnacha – Ráta Lascaine, Léaslíne Ama, Scáthphraghas Cistí Poiblí agus Scáthphraghas an tSaothair], Deireadh Fómhair 2018 (doiciméad i mBéarla amháin)

²³ Is éard atá i gceist leis an bhfoirmle chaighdeánach do luach ioncaim shuthain (bliana) ná $1/(r-g)$, ina bhfuil r cothrom leis an ráta lascaine agus ina bhfuil g cothrom leis an ráta fáis *fíor*. Ós rud é go nglactar leis sa chreat seo go bhfásann maoiniú BAU ag boilsciú lúide an fachtóir éifeachtúlachta (X), tá an ráta fáis *fíor* cothrom le $-X$ agus is éard atá i gceist lenár bhfoirmle ná $1/(r+X)$

Aguisín 3: Ríomh léiritheach mhaoiniú BAU

Toimhdí

Buiséad do Bhliain 0	
Ioncam poiblí	200
Ioncam tráchtála	100
	300
Ioncam tráchtála do bhliain 0 lena bhfuil coinne i dtús na tréimhse 3 bliana roimhe sin	90
Sárú ioncaim tráchtála intuigthe	10
Boilsciú tuartha	
Bliain 1	3%
Bliain 2	3%
Bliain 3	3%
Toimhde éifeachtúlachta	2%
Fás ioncaim tráchtála toimhdithe	0%

Ríomh mhaoiniú BAU

	<i>Bliain 0</i>	<i>Bliain 1</i>	<i>Bliain 2</i>	<i>Bliain 3</i>
Fás ainmniúil nach bhfuil coigeartaithe		1%	1%	1%
Ioncam iomlán nach bhfuil coigeartaithe	300.0	303.0	306.0	309.1
Aisghlámadh le haghaidh sárú ioncaim tráchtála		-3.3	-6.7	-10.0
Ioncam iomlán coigeartaithe		299.7	299.4	299.1
Ioncam tráchtála tuartha	100.0	100.0	100.0	100.0
An maoiniú poiblí atá ag teastáil		199.7	199.4	199.1

Tabhair faoi deara gurb amhlaidh laistigh den timthriall tosaigh seo nach mbeidh aon aisghlámadh ann le haghaidh sárú ioncaim tráchtála

Aguisín 4: Seicliosta aighneachta

Mar achoimre, seo a leanas na ceanglais le haghaidh aighneacht MSP. Tá siad uile le bheith istigh laistigh de 3 mhí tar éis an *Ráiteas maidir le nós imeachta agus modheolaíocht* a ghlacadh. Chun teacht ar chur síos níos mionsonraithe ar cheanglais, féach Aguisín 1 maidir le gealltanais feidhmíochta, agus Aighneacht ó na MSPanna le haghaidh míreanna eile.

Maidir le BAU

- Ráitis airgeadais don dá bhliain roimhe sin agus faisnéis airgeadais buiséid don bhliain reatha (i bhformáid atá comhsheasmhach le tuarascáil bhliantúil an MSP)
- Sceideal lena leagtar amach ríomh HICP-X a bheith á chur i bhfeidhm acu maidir lena maoiniú BAU leanúnach²⁴
- Ráitis airgeadais réamh-mheasta don tréimhse 3 bliana reatha (2028-2030) in aghaidh mhaoiniú BAU
- Gealltanais feidhmíochta bheartaithe don tréimhse 3 bliana reatha
- Insint straitéiseach
- Plé ar éifeachtúlacht
- (Más ábhartha) Fógra maidir le haon iarratais phleanáilte ar mhaoiniú leathnúcháin agus/nó iarratais faoi ailt 103 agus 104 den Acht Craolacháin
- (Go heisceachtúil) 'ráiteas maidir le neamhchomhlíonadh cuspóirí reachtúla'

Má tá iarratas á dhéanamh ar mhaoiniú aonuaire

- Leibhéal agus cineál na gcistí poiblí atá á lorg
- 'Forleagan' airgeadais lena léirítear an tionchar incriminteach a bheadh ag na cistí ar na réamhaisnéisí airgeadais
- Insint lena ndéantar cur síos ar chuspóir agus úsáid na gcistí, agus ar an dóigh gur de chineál 'aonuaire' atá an maoiniú.
- Tairbhí an mhaoinithe a chur in iúl, arna sloinneadh mar ghealltanais feidhmíochta más praiticiúil

Má tá iarratas á dhéanamh ar mhaoiniú méadaithe

- Leibhéal agus cineál na gcistí poiblí atá á lorg
- Ríomh luach reatha na hiarrata seo
- 'Forleagan' airgeadais lena léirítear an tionchar incriminteach a bheadh ag na cistí ar na réamhaisnéisí airgeadais
- Gealltanais feidhmíochta fheabhsaithe ghaolmhara (lena n-áirítear gealltanais feidhmíochta spotsolais más iomchuí)
- Insint lena leagtar amach an bonn do na gealltanais feidhmíochta fheabhsaithe; úsáid na gcistí i gcaitheamh na 3 bliana agus cé acu a bheidh nó nach mbeidh na cistí ath-implonaithe chun críoch eile

²⁴ Chun teacht ar ríomh léiritheach ar mhaoiniú BAU, féach Aguisín 3

- Nóta lena ndéantar achoimre ar an bhfáth nach raibh sé iomchuí an ghníomhaíocht a mhaoiniú trí ath-implonú cistí
- Nóta lena leagtar amach na próisis cheadaithe inmheánacha lenar formhuiníodh an togra